

Dé Céadaoin, 6 Iúil, 2011
Wednesday, 6th July, 2011

10.30 a.m.

RIAR NA hOIBRE

Order Paper

GNÓ POIBLÍ
Public Business

Tairiscintí:

Motions:

- 1.** Tuarascáil ón gCoiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí maidir leis an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Seanad Éireann.

Report of the Committee on Procedure and Privileges on the Committee on Members' Interests of Seanad Éireann.

—*Senator Maurice Cummins.*

2. “Go n-aontaíonn Seanad Éireann leis an moladh ón gCoiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí go ndéanfar, de réir na bhforálacha a bhaineann le Daoine Oirrice d'aitheasc Seanad Éireann, cuireadh a thabhairt don Uasal Jerzy Buzek, Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, Seanad Éireann a aitheasc an 12 Iúil, 2011 agus beidh feidhm ag na socruthíthe seo a leanas. Tosóidh na himeachtaí ar 2.30 p.m. agus is éard a bheidh sna himeachtaí le linn an aithisc sin óráid ón gCathaoirleach ag fáiltiú roimh an Uachtaráin Buzek, aitheasc an Uachtaráin Buzek, agus freagra uайдh ar cheisteanna ó Threoraithe na nGrúpaí ina dhiadh sin agus óráid bhuíochais ón Leas-Chathaoirleach ar son an aithisc; tiocfaidh deireadh leis na himeachtaí ar uair nach déanaí ná 3 p.m. agus leis sin cuirfidh an Seanad a shuí ar fionraí go dtí 3.45 p.m., tráth a leanfar de ghnáthchúrsa an ghnó.

That Seanad Éireann agrees with the recommendation of the Committee on Procedure and Privileges that, in accordance with the provisions for the address to Seanad Éireann by Distinguished Persons, Mr. Jerzy Buzek, President of the European Parliament be invited to address Seanad Éireann on 12 July, 2011 and the following arrangements shall apply. The proceedings at such address shall commence at 2.30 p.m. and shall consist of a speech by the Cathaoirleach welcoming President Buzek, the address by President Buzek at the conclusion of which he will reply to questions from Group Leaders and a speech of thanks by the Leas-Chathaoirleach for the address; the proceedings shall conclude no later than 3 p.m. whereupon the Seanad shall suspend its sitting until 3.45 p.m. when the ordinary routine of business shall ensue.”.

—*Senator Maurice Cummins.*

Tíolactha:
Presented:

3. An Bille um Imeall Trá (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Foreshore (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun feidhmeanna áirithe a bhaineann leis an imeall trá a aistriú ón Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus chun na críche sin agus chun críoch eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Imeall Trá, 1933 go 2009 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe comhghaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the transfer of certain functions relating to the foreshore from the Minister for Agriculture, Fisheries and Food to the Minister for the Environment, Community and Local Government and for that and other purposes to amend and extend the Foreshore Acts 1933 to 2009 and to provide for connected matters.

4. An Bille Cosanta (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Defence (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú agus do leathnú an Achta Cosanta, 1954; do dhéanamh socrú breise maidir leis an tseirbhís is gá le haghaidh ceapacháin mar Stiúrthóir Ionchúiseamh Míleata agus mar bhreitheamh míleata; do dhéanamh socrú maidir le daoine nach oifigigh de na Buan-Óglaigh a cheapadh mar Stiúrthóir Ionchúiseamh Míleata agus mar bhreitheamh míleata; do dhéanamh socrú maidir le breithiúna den Chúirt Chuarda a ainmniú go sealadach chun feidhmeanna de chuid breithimh mhíleata a chomhlíonadh; do leasú agus do leathnú an Achta Cúirteanna Breithiúnais, 1947; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend and extend the Defence Act 1954; to make further provision for the service required for appointment as Director of Military Prosecutions and military judge; to provide for persons who are not officers of the Permanent Defence Force to be appointed as Director of Military Prosecutions and military judge; to provide for the temporary designation of Circuit Court judges to perform the functions of a military judge; to amend and extend the Courts of Justice Act 1947; and to provide for related matters.

5. An Bille um Chlárú Uachtanna, 2011 — Ordú don Dara Céim.
Registration of Wills Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir leis an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a leathnú chuig clárú faisnéise áirithe maidir le huachtanna agus chun na gcríoch sin d'athmheas an dlí a bhaineann leis an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the extension of the Civil Registration Service to the registration of certain information regarding wills and for those purposes to revise the law relating to the Civil Registration Service and to provide for related matters.

—Senator Terry Leyden.

Tairiscint:

Motion:

6. “Go gcomhthoilíonn Seanad Éireann, de bhun fho-alt 2º d’alt 2 d’Aireagal 25 den Bhunreacht, leis an Rialtas in achainí chun an Uachtaráin go gcuirfidh sí a lámh leis an mBille um Imeall Trá (Leasú), 2011, ar dháta is luaithe ná an cúigiú lá tar éis an dáta a thairgfear an Bille di.

That, pursuant to subsection 2º of section 2 of Article 25 of the Constitution, Seanad Éireann concurs with the Government in a request to the President to sign the Fore-shore (Amendment) Bill 2011 on a date which is earlier than the fifth day after the date on which the Bill shall have been presented to her.”.

—*Senator Maurice Cummins.*

7. An Bille Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Public Health (Tobacco) (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002.

Bill entitled an Act to amend the Public Health (Tobacco) Act 2002.

8. An Bille um Dhlínse Cúrteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.

Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht don Choinbhinsiún maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtala arna shíniú in Lugano an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 2007 agus arna chríochnú thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh de bhun Chinneadh 2009/430/CE1 ón gComhairle, agus chun na críche sin do leasú an Achta um Dhlínse Cúrteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998 agus an Achta Cothabhála, 1994 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to give effect to the Convention on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters signed at Lugano on the 30th day of October 2007 and concluded on behalf of the European Community pursuant to Council Decision 2009/430/EC1, and for that purpose to amend the Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments Act 1998 and the Maintenance Act 1994 and to provide for related matters.

9. An Bille um Príobháideacht, 2006 — Ordú don Dara Céim.
Privacy Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Tort arb éard é Príobháideacht a Shárú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for a Tort of Violation of Privacy; and to provide for matters connected therewith.

10. An Bille um Rabhadh Radaíochta le haghaidh Guthán Póca, 2011 — Ordú don Dara Céim.

Mobile Phone Radiation Warning Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú go ndéanfar lipéad rabhaidh a dhaingniú de chásáil sheachtrach guthán póca agus ar phacáistiú gaolmhar, ina ndearfar go soiléir go n-astaíonn gutháin phóca radaíocht leictreamaighnéadach.

Bill entitled an Act to provide that a warning label shall be affixed to the exterior casing of mobile phones and on related packaging, which shall state clearly that mobile phones emit electromagnetic radiation.

—*Senator Mark Daly.*

11. An Bille Staidrimh (Leasú i leith Oidhreachta), 2011 — Ordú don Dara Céim.

Statistics (Heritage Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Staidrimh, 1993, i ndáil leis an gcéad daonáireamh ar Éirinn a rinneadh ó bunaíodh an Stát; do thabhairt stádas oidhreachta speisialta don daonáireamh sin agus do chur faoi deara é a chur ar fáil don phobal le haghaidh taighde ginealaíais, staire agus taighde eile.

Bill entitled an Act to amend the Statistics Act 1993, in relation to the first census of population of Ireland taken since the establishment of the State; to afford that census a special heritage status and to have such released to the public for genealogical, historical and other research.

—*Senator Labhrás Ó Murchú.*

12. An Bille um Thrédhearcacht GNBS, 2011 — Ordú don Dara Céim.

NAMA Transparency Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), 2009 agus do dhéanamh socrú, ar mhaithle le tréadhearcacht, chun go mbeidh na mionsonraí iomchuí uile maidir le maoine a thairgtear lena ndíol ag GNBS nó le ceadú GNBS ar fáil don phobal trína bhfoilsíú ar shuíomh gréasáin.

Bill entitled an Act to amend the National Asset Management Agency (NAMA) Act 2009 and to provide that, in the interests of transparency, all relevant details of properties offered for sale by or with the approval of NAMA be available to the public by means of publication on a website.

—*Senators Mark Daly, Darragh O'Brien, Diarmuid Wilson.*

13. An Bille Ombudsman (Leasú), 2008 [Dáil] — An Dara Céim.

Ombudsman (Amendment) Bill 2008 [Dáil] — Second Stage.

14. An Bille Crónéirí, 2007 — An Coiste.

Coroners Bill 2007 — Committee.

Tairiscintí:

Motions:

15. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um na hAchtanna Cuanta, 1996 go 2009 (Feidhmeanna Chuideachta Phort Dhún Dealgan a Aistriú), 2011

That Seanad Éireann approves the following Order in draft:

Harbours Acts 1996 to 2009 (Transfer of Functions of Dundalk Port Company) Order 2011

ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Sheanad Éireann an 1 Meitheamh, 2011.

copies of which have been laid in draft form before Seanad Éireann on 1st June, 2011.”.

—Senator Maurice Cummins.

16. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear caighdeán íosta maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint le haghaidh íospartaigh na coireachta,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 13 Meitheamh, 2011.

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council establishing minimum standards on the rights, support and protection of victims of crime,

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 13th June, 2011.”.

—Senator Maurice Cummins.

17. “Go gceadaíonn Seanad Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndréacht:

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2), 2011,

ar leagadh cóipeanna díobh ina ndréacht faoi bhráid Sheanad Éireann an 23 Meitheamh, 2011.

That Seanad Éireann approves the following Regulations in draft:

The Planning and Development (Amendment) (No. 2) Regulations 2011,

copies of which have been laid in draft form before Seanad Éireann on 23rd June, 2011.”.

—Senator Maurice Cummins.

18. Tairiscintí nach ón Rialtas:
Non-Government Motions:

1. “That Seanad Éireann is keenly aware of the suffering of the families of those who died or were injured in the Dublin and Monaghan bombings and in all the atrocities that were inquired into by Judge Henry Barron; that this suffering is exacerbated by the absence of closure in these terrible tragedies; and that we support their call for co-operation by the British Government to actively participate in a process to help provide answers to the questions that remain unanswered; and that the Irish Government will continue in its efforts to urge the British Government to give urgent consideration to this matter.”.

—Senators Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Diarmuid Wilson.

[16 June, 2011]

2. “That Seanad Éireann will appoint an Honorary Senator to represent the Global Irish Community Overseas.”.

—Senators *Mark Daly, Diarmuid Wilson, Mary White, Darragh O'Brien, Thomas Byrne, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O'Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O'Sullivan, Averil Power, Jim Walsh*.

[28, June 2011]

3. “That Seanad Éireann calls on the Minister for Health and the Government to honour its pre-election commitments and ensure the continuation of the existing twenty-four hour a day, seven day a week, Accident and Emergency services at Roscommon County Hospital.”.

—Senators *Terry Leyden, Diarmuid Wilson, Darragh O'Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O'Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O'Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Mary White*.

[6 July, 2011]

- 19.** An Seanad a chur ar athló.
Adjournment of the Seanad.

BILLÍ AR SIÚL AGUS GNÓ ATÁ ORDAITHE
Bills in Progress and Business Ordered

Déardaoin, 7 Iúil, 2011.
Thursday, 7th July, 2011.

- (*l*) An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilgħnēitheach), 2011 — An Tuarascáil.
(*a*) Civil Law (Miscellaneous Provisions) Bill 2011 — Report Stage.

BILLÍ SEANAID SA DÁIL
Seanad Bills with the Dáil

An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2009.
Child Care (Amendment) Bill 2009.

An Bille um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2009.
Property Services (Regulation) Bill 2009.

An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2010.
Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010.

An Bille um Chonarthaí Foirgníochta, 2010.
Construction Contracts Bill 2010.

An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2008
(*athraithe ó*) An Bille Meabhair-Shláinte (Bearta Ainneonacha) (Leasú), 2008.
Mental Health (Amendment) Bill 2008
(*changed from*) Mental Health (Involuntary Procedures) (Amendment) Bill 2008.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2011.
 Criminal Justice (Female Genital Mutilation) Bill 2011.

MEMORANDA

*Dé Céadaoin, 6 Iúil, 2011.
 Wednesday, 6th July, 2011.*

Cruinníú den Chomhchoiste um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Jobs, Social Protection and Education, in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinníú den Chomhchoiste um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 3 p.m.

Meeting of the Joint Committee on Investigations, Oversight and Petitions in Committee Room 3, LH2000, at 3 p.m.

Cruinníú den Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 3 p.m.

Meeting of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform in Committee Room 2, LH2000, at 3 p.m.

*Déardaoin, 7 Iúil, 2011.
 Thursday, 7th July, 2011.*

Cruinníú den Chomhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 12 meán lae.

Meeting of the Joint Committee on European Union Affairs will be held in Committee Room 4, LH2000, at 12 noon.

PÁIPÉIR A LEAGADH FAOI BHRÁID AN tSEANAID *Papers laid before the Seanad*

Reachtúil:

Statutory:

1) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Suzanne McGreal, Rúnaí Pear-santa, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Micheál Ó Rinn, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

2) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Maggie White, Rúnaí Pearsanta, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Micheál Ó Rinn, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

1) Statement as to whether Special Adviser, Suzanne McGreal, Personal Assistant, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Michael Ring, Minister of State at the Department of Transport, Tourism and Sport is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

2) Statement as to whether Special Adviser, Maggie White, Personal Secretary, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Michael Ring, Minister of State at the Department of Transport, Tourism and Sport is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

3) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Gemma Gibbons, Rúnaí Pear-santa, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Micheál Ó Rinn, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

4) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Gemma Gibbons, Cúntóir Pear-santa, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Micheál Ó Rinn, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

5) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Gerard Murphy, Tíománaí Sibhialtach, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Micheál Ó Rinn, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

6) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Peter O'Donnell, Tíománaí Sibhialtach, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Micheál Ó Rinn, Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

7) Ráiteas i scríbhinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha (conradh) faoina ngníomhaíonn nó faoinar ghníomhaigh an Comhairleoir Speisialta Vincent Cahill, Tíománaí Sibhialtach, mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Siobhán de Bhurtúin, Aire den Rialtas ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le héifeacht ón 16 Bealtaine, 2011 de bhun alt 19(4)(a) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

8) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Vincent Cahill, Tíománaí Sibhialtach, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Siobhán de Bhurtúin, Aire den Rialtas ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis

3) Statement as to whether Special Adviser, Gemma Gibbons, Personal Secretary, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Michael Ring, Minister of State at the Department of Transport, Tourism and Sport is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

4) Statement as to whether Special Adviser, Gemma Gibbons, Personal Assistant, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Michael Ring, Minister of State at the Department of Transport, Tourism and Sport is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

5) Statement as to whether Special Adviser, Gerard Murphy, Civilian Driver, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Michael Ring, Minister of State at the Department of Transport, Tourism and Sport is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

6) Statement as to whether Special Adviser, Peter O'Donnell, Civilian Driver, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Michael Ring, Minister of State at the Department of Transport, Tourism and Sport is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

7) Statement in writing of the terms and conditions (contract) under which Special Adviser, Vincent Cahill, Civilian Driver, acts or acted as a Special Adviser to Deputy Joan Burton, Minister of the Government at the Department of Social Protection with effect from 16 May, 2011 pursuant to section 19(4)(a) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

8) Statement as to whether Special Adviser, Vincent Cahill, Civilian Driver, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Joan Burton, Minister of the Government at the Department of Social Protection is a relative of the office holder pursuant to

an sealbhóir oifige, de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

9) Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú) (Leasú) (Uimh. 2) (Íocaíochtaí le Cuardaitheoirí Poist), 2011 (I.R. Uimh. 320 de 2011).

9) Social Welfare (Consolidated Claims, Payments and Control) (Amendment) (No. 2) Jobseeker's Payments) Regulations 2011 (S.I. No. 320 of 2011).

10) An tOrdú fán Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Alt 11) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 331 de 2011).

10) National Minimum Wage Act 2000 (Section 11) (No. 2) Order 2011 (S.I. No. 331 of 2011).

11) An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cána, 1997 (Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith Trealmh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Leasú) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 317 de 2011).

11) Taxes Consolidation Act 1997 (Accelerated Capital Allowances for Energy Efficient Equipment) (Amendment) (No. 2) Order 2011 (S.I. No. 317 of 2011).

12) Scéim Pinsean Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoileanna Cuimsitheacha (Leasú) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 332 de 2011).

12) Secondary, Community and Comprehensive School Teachers Pension (Amendment) (No. 2) Scheme 2011 (S.I. No. 332 of 2011).

13) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Earraí Bia a Rialú go hOifigiúil) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 344 de 2011).

13) European Communities (Official Control of Foodstuffs) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 344 of 2011).

14) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rialuithe Oifigiúla ar Allmhairíú Bia nach de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 325 de 2011).

14) European Communities (Official Controls on the Import of Food of Non-Animal Origin) (Amendment) (No. 2) Regulations 2011 (S.I. No. 325 of 2011).

Neamhreachtíil:

Non-Statutory:

1) An tOrdú um Acht na bPríosún, 1970 (Alt 7), 2011 (I.R. Uimh. 330 de 2011).

1) Prisons Act 1970 (Section 7) Order 2011 (S.I. No. 330 of 2011).

2) Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Meáchan Ualaithe Feithicí Altacha 5 Acastóra), 2011 (I.R. Uimh. 315 de 2011).

2) Road Traffic (Weight Laden of 5 Axle Articulated Vehicles) Regulations 2011 (S.I. No. 315 of 2011).